MEALLADH NA MEÁN

MODÚL 6:

NA RIALACHA AGUS DO CHEARTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEOMRA RANGA

Coimisiún na Meán

GNÍOMHAÍOCHT #1

DO CHEARTA I bhFEIDHM

Tá cúig cheart agat ar líne faoi Chreat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann. Ach cén chuma atá orthu i ndáiríre san fhíorshaol?

Tá cúig chás thíos. Léigh gach ceann go cúramach. Le haghaidh gach cáis, déan cinneadh maidir leis an gceart a bhfuiltear ag dul i gcion air – agus cad a d'fhéadfá a dhéanamh faoi. Rinneadh an chéad sampla duit cheana féin.

Ainm: _____ Rang: _____

NA CEARTA

1. An Ceart chun Tuairisciú a Dhéanamh
2. An Ceart chun Príobháideachais
3. An Ceart chun Thú Féin a chur in Iúl
4. An Ceart chun Eolais
5. An Ceart chun Cosaint a Fháil ar Dhíobháil

Tabhair faoi deara: Is é Coimisiún na Meán rialtóir meán na hÉireann. Cuidíonn siad lena chinntiú go gcloíonn seirbhísí meán agus ardáin ar líne atá bunaithe in Éirinn leis na rialacha. Cé nach féidir leo ábhar a bhaint anuas ná cuntais a thabhairt ar ais, fáiltíonn siad roimh eolas ón bpobal faoi cathain nach bhfuil na rialacha á gcomhlíonadh ag ardáin.

Má tharlaíonn rud ar líne a chuireann isteach ort, inis do dhuine fásta iontaofa é i gcónaí. Má chreideann tú go bhfuil ábhar mídhleathach, déan é a thuairisciú don ardán agus don Gharda Síochána nó don Bheolíne freisin.

CÁS 1 (FREAGARTHA)

Tá liosta 'Molta' ag ardán agus tá an cineál céanna físeáin á thaispeáint duit arís agus arís eile. Ba mhaith leat an méid atá le feiceáil a athrú, ach níl aon rogha ann chun é sin a dhéanamh ná aon mhíniú ar an gcaoi a n-oibríonn na moltaí.

Cén ceart a bhfuiltear ag dul i gcion air?
An Ceart chun Eolais

Cad is féidir leat a dhéanamh?
Cuardaigh faisnéis faoin gcaoi a n-oibríonn an fotha agus an bhfuil socruithe ann a thugann rialú níos fearr ar mholtaí.

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #1

DO CHEARTA I bhFEIDHM

Ainm: _____ Rang: _____

CÁS 2

Cláraíonn do dhearthair le haghaidh ardán cluichíochta nua atá lonnaithe in Éirinn. Ligeann an t-ardán d'úsáideoirí a gcluichí féin a chruthú agus iad a roinnt le himreoirí eile. Tá go leor físeán ar an ardán seo. Tá 47 leathanach sna téarmaí agus coinníollacha, tá siad scríofa i dteanga chasta agus tá sé an-deacair iad a aimsiú ar an suíomh gréasáin.

Cén ceart a bhfuiltear ag dul i gcion air? _____

Cad is féidir leat a dhéanamh? _____

_____

CÁS 3

Tugann cara do dhearthár faoi deara, gach uair a úsáideann sí aip áirithe, go bhfeiceann sí fógraí le haghaidh táirgí atá le feiceáil i bhfíseán ar thug sí 'is maith liom' dó. Tá sí 14 bliana d'aois agus tá an t-ardán ar an eolas maidir leis seo toisc gur chláraigh sí leis an dáta breithe ceart.

Cén ceart a bhfuiltear ag dul i gcion air? _____

Cad is féidir leat a dhéanamh? _____

_____

CÁS 4

Tá tú i dteach do chol ceathrair agus ar a gcuntas. Feiceann tú físeán ar líne a léiríonn rud éigin a chuireann isteach go mór ort. Tá bealach á lorg agat chun é a thuairisciú ach ní féidir leat aon chnaipe tuairiscithe a aimsiú ar an ardán.

Cén ceart a bhfuiltear ag dul i gcion air? _____

Cad is féidir leat a dhéanamh? _____

_____

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #1

DO CHEARTA I bhFEIDHM

Ainm: _____ Rang: _____

CÁS 5

Uaslódálann do dheirfiúr níos sine físeán ar ardán. Cúpla lá ina dhiaidh sin, seiceálann sí agus tá sé bainte. Níl aon teachtaireacht ann a mhíníonn cén fáth ar baineadh é agus níl aon fhaisnéis ann faoi na céimeanna is féidir léi a ghlacadh ina dhiaidh sin.

Cén ceart a bhfuiltear ag dul i gcion air? _____

Cad is féidir leat a dhéanamh? _____

_____

ANOIS SMAOINIGH FAOI

Freagair na ceisteanna thíos i bhfoirm abairtí iomlána.

1. Ar chuir aon cheann de na cásanna sin iontas ort? Má chuir, cén fáth?

_____

_____

2. Sular léigh tú an modúl seo, an raibh a fhios agat go raibh na cearta seo agat? An bhfuil aon athrú tagtha ar an gcaoi a smaoiníonn tú ar na hardáin sin?

_____

_____

3. Mura bhfuil ardán ag cloí leis na rialacha, cé leo ar féidir leat teagmháil a dhéanamh?

_____

_____

CUIMHNIGH

Ní cearta breise roghnacha iad do chearta ar líne. Is é an dlí iad. Is é do chearta a bheith ar eolas agat an chéad chéim chun iad a úsáid.

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #2

LÉIGH NA MIONSONRAÍ

Insíonn téarmaí agus coinníollacha rialacha ardáin duit. De réir an dlí, ba cheart go mbeidís éasca le haimsiú agus éasca le húsáid. Ach an bhfuil siad?

Anseo thíos tá sraith ficseanúil téarmaí agus coinníollacha d'ardán bréagach ar a dtugtar **SruthZón**. Tá cuid de na T&C laistigh de na rialacha. Tá cuid acu nach bhfuil. An jab atá agatsa ná an difríocht a aithint.

Léigh gach clásal go cúramach. Ansin cuir tic sa bhosca agus mínigh do fhreagra.

Ainm: _____ Rang: _____

CLÁSAL 1

'Féadfaidh SruthZón do chuid faisnéise pearsanta, lena n-áirítear d'ainm, do shuíomh agus do stair féachana, a roinnt le comhpháirtithe fógraíochta ag am ar bith.'

☐ Ag cloí leis na rialacha

☐ I gcoinne na rialacha

☐ Níl mé cinnte

Cén fáth? _____

_____

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #2

LÉIGH NA MIONSONRAÍ

Ainm: _____ Rang: _____

CLÁSAL 2

'Má bhaineann SruthZón d'ábhar, seolfaimid teachtaireacht chugat ag míniú cén fáth ar baineadh é laistigh de 48 uair an chloig. Tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo.'

☐ Ag cloí leis na rialacha
☐ I gcoinne na rialacha
☐ Níl mé cinnte

Cén fáth? _____

_____

CLÁSAL 3

'Féadfaidh SruthZón fógraíocht spriocdhírithe a úsáid bunaithe ar do ghníomhaíocht ar líne. Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois agus má táimid ar an eolas faoi seo, ní úsáidfear fógraíocht spriocdhírithe ar do chuntas.'

☐ Ag cloí leis na rialacha
☐ I gcoinne na rialacha
☐ Níl mé cinnte

Cén fáth? _____

_____

CLÁSAL 4

'Trí úsáid a bhaint as SruthZón, aontaíonn tú gur féidir linn na téarmaí seo a athrú ag am ar bith gan é a insint duit.'

☐ Ag cloí leis na rialacha
☐ I gcoinne na rialacha
☐ Níl mé cinnte

Cén fáth? _____

_____

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #2

LÉIGH NA MIONSONRAÍ

Ainm: _____ Rang: _____

CLÁSAL 5

'Úsáideann fotha 'Duitse' SruthZón córais moltaí. Is féidir leat eolas a fháil faoin gcaoi a n-oibríonn sé seo sa rannán Cabhair. Is féidir leat a roghnú freisin moltaí pearsantaithe a mhúchadh am ar bith.'

☐ Ag cloí leis na rialacha
☐ I gcoinne na rialacha
☐ Níl mé cinnte

Cén fáth? _____

_____

ANOIS SMAOINIGH FAOI

Freagair na ceisteanna i bhfoirm abairtí iomlána.

1. Cé mhéad clásal a mharcáil tú mar 'i gcoinne na rialacha'? An raibh ionadh ort?

_____

_____

2. Cén fáth a scríobhann roinnt ardán téarmaí agus coinníollacha atá deacair a thuiscint, dar leat?

_____

_____

3. Cad a dhéanfá dá bhfaighfeá clásal cosúil le Clásal 1 nó Clásal 4 ar fíor-ardán a úsáideann tú?

_____

_____

CUIMHNIGH

Tá sé de cheart agat eolas a fháil atá soiléir agus éasca le tuiscint. Má tá na téarmaí agus na coinníollacha mearbhlach nó más deacair iad a aimsiú, is fadhb ardáin é sin – níl an locht ortsa. Is féidir leat Coimisiún na Meán a chur ar an eolas mura bhfuil ardán ag cloí leis na rialacha.

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #3

CRÍOCHNAIGH AN ACHOIMRE

Bain úsáid as na focail sa bhosca thíos chun an achoimre ar a bhfuil foghlamtha agat sa mhodúl seo a chomhlánú.

Ainm: _____ Rang: _____

BUNACHAR FOCAL

cearta • tuairisciú • príobháideachas • achomharc • eolas • díobhálach • téarmaí • ardán • duine fásta iontaofa • Coimisiún na Meán

1. Tá _____ ag gach duine ar líne.

2. Má fheiceann tú ábhar _____ nó mídhleathach ar ardán, ba cheart go mbeifeá in ann _____ a dhéanamh air go héasca.

3. Má bhaineann ardán d'ábhar gan a mhíniú cén fáth ar baineadh é, ba cheart go mbeifeá in ann an cinneadh a _____.

4. Nuair a bheidh tú sean go leor chun ardáin ar líne a úsáid, beidh sé de cheart agat _____ a fháil agus cosaint níos láidre a fháil ar do chuid faisnéise pearsanta.

5. Ba cheart go mbeadh sé éasca _____ agus coinníollacha ardáin a aimsiú agus a thuiscint.

6. Má tá imní ort nó mura bhfuil tú cinnte cad atá le déanamh, labhair le _____.

7. Má cheapann tú nach bhfuil ardán ag cloí leis na rialacha, is féidir le duine fásta iontaofa teagmháil a dhéanamh le _____.

ANOIS SMAOINIGH FAOI

1. Cén ceart nua a chuir an t-iontas is mó ort?

_____

2. Cé acu ceart is tábhachtaí, dar leat? Mínigh do fhreagra.

_____

_____

CUIMHNIGH

Is é do chearta a bheith ar eolas agat an chéad chéim chun iad a úsáid. Dá mhéad a thuigeann tú conas ba cheart d'ardáin caitheamh le húsáideoirí, is é is mó an mhuinín a bheidh agat as bheith ar líne.

©News Mag Media 2026

GNÍOMHAÍOCHT #4

CUARDACH FOCAL

Ainm: _____ Rang: _____

T	H	C	A	E	T	L	I	Á	H	B	Á	S	L	G	U	R
Í	H	G	I	C	S	I	R	I	A	U	T	R	S	N	M	S
R	Y	N	E	T	C	O	S	A	N	T	A	I	N	A	T	A
I	Y	N	L	W	R	U	D	C	R	F	C	A	I	R	L	L
Ó	O	C	J	D	T	O	K	H	I	V	K	N	Á	L	O	O
T	B	J	M	R	C	Q	Q	O	O	G	S	T	D	Í	Q	E
L	E	E	G	H	N	J	S	M	S	Z	A	A	R	N	F	F
A	Y	N	R	D	I	R	E	H	Q	T	Q	Z	A	E	N	R
I	I	A	F	C	A	X	E	A	L	D	C	R	E	A	T	E
R	C	Q	Ú	I	C	S	I	R	I	A	U	T	Q	R	A	A
H	T	R	G	G	F	A	H	C	A	L	A	I	R	L	T	G
S	G	H	C	A	R	T	H	C	A	E	S	H	E	H	R	R
M	Í	D	H	L	E	A	T	H	A	C	H	H	C	N	A	A
C	O	I	N	N	Í	O	L	L	A	C	H	A	Z	N	E	C
P	R	Í	O	B	H	Á	I	D	E	A	C	H	A	S	C	H
N	V	M	D	H	C	A	C	R	A	E	H	D	É	R	T	T
R	Q	O	N	O	Í	L	R	I	D	I	K	B	M	D	M	H

LIOSTA CUARDAIGH FOCAL

CEARTA	TUAIRISCIGH	TRÉDHEARCACH	SÁBHÁILTEACHT
RIALACHA	PRÍOBHÁIDEACHAS	MÍDHLEATHACH	CREAT
AR LÍNE	COSANTA	DOCHRACH	FIOSRAIGH
ARDÁIN	EOLAS	TUAIRISCIÚ	COINNÍOLLACHA
IDIRLÍON	FREAGRACHT	ACHOMHARC	RIALTÓIRÍ

©News Mag Media 2026

NA FREAGRAÍ

GNÍOMHAÍOCHT 1 – DO CHEARTA I bhFEIDHM

Cás 1

Ceart: An Ceart chun Eolais

Gníomh féideartha: Cuardaigh faisnéis faoin gcaoi a n-oibríonn an fotha agus an bhfuil socruithe ann a thugann rialú níos fearr ar mholtaí.

Cás 2

Ceart: An Ceart chun Eolais

Gníomh féideartha: Faigh míniú níos soiléire ar na téarmaí agus na coinníollacha nó iarr ar dhuine fásta iontaofa cabhrú leat chun iad a thuiscint.

Cás 3

Ceart: An Ceart chun Príobháideachais

Gníomh féideartha: Déan athbhreithniú ar shocruithe príobháideachais agus bí ar an eolas gur cheart do leanaí cosaintí príobháideachais níos láidre a fháil ar líne.

Cás 4

Ceart: An Ceart chun Tuairisciú a Dhéanamh

Gníomh féideartha: Faigh cabhair ó dhuine fásta iontaofa chun uirlis tuairiscithe an ardáin a aimsiú agus mura féidir leat í a aimsiú, téigh i dteagmháil le Coimisiún na Meán.

Cás 5

Ceart: An Ceart chun Thú Féin a chur in Iúl

Gníomh féideartha: Is féidir léi achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo. Mura dtugtar an deis sin di, is féidir léi dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán toisc go bhfuil sé sin i gcoinne na rialacha. Cé nach féidir leo an físeán a ath-uaslódáil, ba mhaith leo a fháil amach an bhfuil na rialacha á gcomhlíonadh ag ardáin nó nach bhfuil.

GNÍOMHAÍOCHT 3 – CRÍOCHNAIGH AN ACHOIMRE

1. cearta
2. díobhálach; tuairisciú
3. achomharc
4. príobháideachas
5. téarmaí
6. duine fásta iontaofa
7. Coimisiún na Meán

GNÍOMHAÍOCHT 2 – LÉIGH NA MIONSONRAÍ

Clásal 1: I gcoinne na rialacha

Tá leanaí i dteideal cosaintí príobháideachais níos láidre.

Clásal 2: Ag cloí leis na rialacha

Míníonn an t-ardán a chinneadh agus soláthraíonn sé próiseas achomhairc.

Clásal 3: Ag cloí leis na rialacha

Aithnítear sa chlásal nár cheart fógraíocht spriocdhírithe a úsáid ar chuntais nuair atá a fhios ag an ardán go bhfuil na húsáideoirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.


Clásal 4: I gcoinne na rialacha

Ba cheart úsáideoirí a chur ar an eolas faoi athruithe tábhachtacha ar théarmaí agus coinníollacha.

Clásal 5: Ag cloí leis na rialacha

Míníonn an t-ardán an chaoi a n-oibríonn moltaí agus tugann sé rogha d'úsáideoirí maidir le hinneachar pearsantaithe.

GNÍOMHAÍOCHT 4 – CUARDACH FOCAL



©News Mag Media 2026